# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1624 ÓN gCOIMISIÚN

## an 20 Meán Fómhair 2022

## lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/607 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí téad agus cáblaí cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne arna leathnú chun allmhairí téad agus cáblaí cruach arna gcur chun bealaigh ó Mharacó agus ó Phoblacht na Cóiré a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na dtíortha sin iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ("an bun-Rialachán"), agus go háirithe Airteagail 11(3) agus 13(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

### 1. **NÓS IMEACHTA**

#### 1.1. **Athbhreithnithe a rinneadh cheana agus na bearta atá i bhfeidhm**

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1796/1999 ([2]), d'fhorchuir an Chomhairle dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí téad agus cáblaí cruach ("SRC") de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an tSín"), na hUngáire, na hIndia, Mheicsiceo, na Polainne, na hAfraice Theas agus na hÚcráine ("na bearta bunaidh").

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 1858/2005 ([3]), na bearta bunaidh a forchuireadh ar allmhairí SRC de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, na hIndia, na hAfraice Theas agus na hÚcráine, choimeád an Chomhairle ar bun iad tar éis athbhreithniú éaga i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán. Na bearta ab infheidhme maidir le hallmhairí de thionscnamh Mheicsiceo, chuaigh siad in éag an 18 Lúnasa 2004 ([4]). Ós rud é go ndearnadh Ballstáit den Aontas Eorpach den Ungáir agus den Pholainn an 1 Bealtaine 2004, rinneadh na bearta a fhoirceannadh ar an dáta sin. Na bearta ab infheidhme maidir le hallmhairí de thionscnamh na hIndia, chuaigh siad in éag an 17 Samhain 2010 ([5]).

(3) I mí na Bealtaine 2010, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 400/2010 ([6]), an dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear le Rialachán (CE) Uimh. 1858/2005 ar allmhairí SRC de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, leathnaigh an Chomhairle an dleacht sin chun allmhairí SRC arna gcur chun bealaigh ó Phoblacht na Cóiré a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh Phoblacht na Cóiré iad nó ná bíodh, mar

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1796/1999 ón gComhairle an 12 Lúnasa 1999 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach, agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur, ar allmhairí téad agus cáblaí cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, na hUngáire, na hIndia, Mheicsiceo, na Polainne, na hAfraice Theas agus na hÚcráine agus lena bhfoirceanntar na himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí de thionscnamh Phoblacht na Cóiré (IO L 217, 17.8.1999, lch. 1).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1858/2005 ón gComhairle an 8 Samhain 2005 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí téad agus cáblaí cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, na hIndia, na hAfraice Theas agus na hÚcráine tar éis athbhreithniú éaga i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 384/96 (IO L 299, 16.11.2005, lch. 1)

([4]) Fógra maidir le dul in éag beart frithdhumpála áirithe (IO C 203, 11.8.2004, lch. 4).

([5]) Fógra maidir le dul in éag beart frithdhumpála áirithe (IO C 311, 16.11.2010, lch. 16).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 400/2010 ón gComhairle an 26 Aibreán 2010 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach arna forchur le Rialachán (CE) Uimh. 1858/2005 ar allmhairí téad agus cáblaí cruach de thionscnamh, *inter alia*, Dhaon-Phoblacht na Síne chun allmhairí téad agus cáblaí cruach arna gcur chun bealaigh ó Phoblacht na Cóiré a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh Phoblacht na Cóiré iad nó ná bíodh, agus lena bhfoirceanntar an t-imscrúdú i ndáil le hallmhairí arna gcur chun bealaigh ón Malaeisia (IO L 117, 11.5.2010, lch. 1).

thoradh ar imscrúdú frith-theacht timpeall i gcomhréir le hAirteagal 13 den bhun-Rialachán ("an beart frith-theacht timpeall"). Tugadh díolúine ón mbeart frith-theacht timpeall do tháirgeoirí onnmhairiúcháin áirithe de chuid na Cóiré ós rud é nach bhfuarthas amach go ndeachaigh siad timpeall ar na dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha.

(4) I mí Eanáir 2012, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 102/2012 ([7]), an dleacht frithdhumpála i leith allmhairí SRC de thionscnamh, *inter alia*, Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí ó Phoblacht na Cóiré a chumhdach, d'fhorchuir an Chomhairle í tar éis athbhreithniú éaga i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán. Leis an Rialachán céanna, rinne an Chomhairle an imeacht maidir le hallmhairí SRC ón Afraic Theas a fhoirceannadh.

(5) I mí Aibreáin 2018, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/607 ([8]), an dleacht frithdhumpála i leith allmhairí SRC de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun, *inter alia*, Poblacht na Cóiré a chumhdach, d'fhorchuir an Coimisiún í tar éis athbhreithniú éaga i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán.

(6) Na dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha atá i bhfeidhm faoi láthair, 60,4 % atá i gceist leo.

### 1.2. **Iarraidh ar athrú ainm**

(7) An 6 Bealtaine 2020, Young Heung Iron & Steel Co., Ltd, ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Cóiré a raibh díolúine acu ón mbeart frith-theacht timpeall mar a luaitear in aithris (3), chuir sé in iúl don Choimisiún go raibh a ainm athraithe aige ionas gurb é Youngwire a bhí air feasta ("Youngwire" nó "an chuideachta").

(8) D'iarr an chuideachta ar an gCoimisiún a dhearbhú nach ndéanann athrú an ainm aon difear do cheart na cuideachta tairbhiú den díolúine ón dleacht frithdhumpála leathnaithe a deonaíodh di faoin ainm a bhí uirthi roimh an athrú sin.

(9) Scrúdaigh an Coimisiún an fhaisnéis a soláthraíodh agus tháinig sé ar an gconclúid go ndearnadh atheagrú ar Youngwire, atheagrú a rinneadh trí éadáil sócmhainní onnmhaireora eile de chuid na Cóiré a thairbhíonn den díolúine, Dae Heung Industrial Co. Ltd., i measc nithe eile.

(10) Na hathruithe suntasacha sin, athruithe a tháinig chun solais i gcomhthéacs na hiarrata ar athrú ainm, mheas an Coimisiún gur athruithe iad a bhféadfadh difear a bheith déanta acu d'incháilitheacht na cuideachta i leith díolúine ó na bearta frith-theacht timpeall.

(11) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh fianaise leordhóthanach ann go mb'fhéidir go raibh athrú suntasach tagtha ar na himthosca ba bhonn do dheonú na díolúine do Youngwire faoin ainm a bhí air roimhe sin, agus gur athruithe marthanacha a bhí tagtha i gceist, rud a d'fhág go raibh údar le páirt-athbhreithniú eatramhach a thionscnamh.

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 102/2012 ón gComhairle an 27 Eanáir 2012 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí téad agus cáblaí cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÚcráine arna leathnú chun allmhairí téad agus cáblaí cruach arna gcur chun bealaigh ó Mharacó, ón Moldóiv agus ó Phoblacht na Cóiré a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na dtíortha sin iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 agus lena bhfoirceanntar an t-imeacht um athbhreithniú éaga i ndáil le hallmhairí téad agus cáblaí cruach de bhunadh na hAfraice Theas a fhoirceannadh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 (IO L 36, 9.2.2012, lch. 1).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/607 ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2018 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí téad agus cáblaí cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne arna leathnú chun allmhairí téad agus cáblaí cruach arna gcur chun bealaigh ó Mharacó agus ó Phoblacht na Cóiré a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na dtíortha sin iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 101, 20.4.2018, lch. 40).

### 1.3. **Páirt-athbhreithniú eatramhach a thionscnamh**

(12) An 5 Lúnasa 2021, de réir na faisnéise a luaitear in aithrisí (9) go (11), chinn an Coimisiún as a stuaim féin páirt-athbhreithniú eatramhach a thionscnamh a bheadh teoranta ó thaobh raon feidhme de ionas gurb éard a bheadh i gceist scrúdú ar an díolúine a deonaíodh do Youngwire faoin ainm a bhí air roimhe sin, i gcomhréir le hAirteagal 11(3) i gcomhar le hAirteagal 13(4) den bhun-Rialachán. Is é ba chuspóir don athbhreithniú a fháil amach an bhfuil Youngwire fós i dteideal díolúine ón mbeart frith-theacht timpeall.

### 1.4. **Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin**

(13) Is í an tréimhse ón 1 Eanáir 2015 go dtí an 30 Meitheamh 2021 ("tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin") a chumhdaigh an t-imscrúdú. Bailíodh sonraí i ndáil leis an tréimhse imscrúdaithe chun imscrúdú a dhéanamh féachaint, *inter alia*, an bhfuil athrú ar an bpatrún trádála tar éis atheagrú na cuideachta agus cad iad na nósanna imeachta agus na rialuithe, más ann dóibh, atá i bhfeidhm ag Youngwire chun an méid seo a leanas a chosc — táirgí Síneacha a dhíol amhail agus dá mba tháirgí Cóiréacha iad, agus teacht timpeall ar na dleachtanna ar an gcaoi sin. Bailíodh sonraí ní ba mhionsonraithe, sonraí díolacháin agus ceannaigh ar leibhéal an idirbhirt san áireamh, i ndáil leis an tréimhse ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021 ("an tréimhse thuairiscithe").

### 1.5. **Páirtithe leasmhara**

(14) San Fhógra Tionscnaimh ([9]), iarradh ar pháirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun páirt a ghlacadh san athbhreithniú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl go sonrach do Youngwire go raibh an t-athbhreithniú á thionscnamh agus d'iarr air páirt a ghlacadh.

(15) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt maidir le tionscnamh an athbhreithnithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála.

#### 1.5.1. *Ceistneoirí*

(16) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Youngwire, agus chuir Youngwire freagra ar an gceistneoir isteach.

#### 1.5.2. *Cuairteanna fíorúcháin*

(17) An fhaisnéis ar fad a measadh a bheith riachtanach chun a fháil amach an bhfuil Youngwire fós i dteideal díolúine ón mbeart frith-theacht timpeall, rinne an Coimisiún an fhaisnéis sin a lorg agus a fhíorú. Tugadh cuairt fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán ar áitribh Youngwire in Changwon agus in Busan, Poblacht na Cóiré.

## 2. **AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ**

(18) Am táirge atá faoi réir an athbhreithnithe seo, is é an táirge céanna é agus a bhí i gceist san imscrúdú bunaidh agus sna hathbhreithnithe éaga a lean, is é sin téada agus cáblaí cruach lena n-áirítear téada corna ghlasáilte, cé is moite de théada agus cáblaí cruach dosmálta, darb uastoise trasghearrthach is mó ná 3 mm, ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad ("an táirge faoi athbhreithniú"), a thagann faoi láthair faoi chóid AC ex 7312 10 81, ex 7312 10 83, ex 7312 10 85, ex 7312 10 89 agus ex 7312 10 98 (cóid TARIC 7312 10 81 19, 7312 10 83 19, 7312 10 85 19, 7312 10 89 19 agus 7312 10 98 19), arna leathnú chun na rópaí agus na cáblaí céanna arna gcur chun bealaigh ó Phoblacht na Cóiré a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh Phoblacht na Cóiré iad nó ná bíodh (cóid TARIC 7312 10 81 13, 7312 10 83 13, 7312 10 85 13, 7312 10 89 13 agus 7312 10 98 13).

([9]) Fógra tionscnaimh maidir le páirt-athbhreithniú eatramhach ar na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí téad agus cáblaí cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí téad agus cáblaí cruach arna gcur chun bealaigh ó Phoblacht na Cóiré a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh Phoblacht na Cóiré iad nó ná bíodh (IO C 313, 5.8.2021, lch. 9)

## 3. SCRÚDÚ AR AN DÍOLÚINE A DEONAÍODH DO YOUNG HEUNG/YOUNGWIRE

(19) Mar a luaitear in aithris (12), bhí raon feidhme an pháirt-athbhreithnithe eatramhaigh reatha teoranta ionas gurb éard a bhí i gceist leis scrúdú féachaint an bhfuil an díolúine a deonaíodh do Youngwire fós bailí tar éis a atheagraithe. Rinneadh an méid seo a leanas go háirithe a mheasúnú san imscrúdú — cé acu a bhí nó nach raibh an chuideachta i mbun cleachtais teacht timpeall a shainmhínítear in Airteagal 13(1) agus (2) den bhun-Rialachán.

(20) De réir Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún ar dtús ar tháinig athrú ar an bpatrún trádála a raibh baint ag Youngwire leis tar éis a atheagraithe agus athrú a ainm.

### 3.1. Athrú ar an bpatrún trádála

(21) Díolacháin onnmhairí Youngwire chuig an Aontas, d'fhan siad ar leibhéal réasúnta cobhsaí ar an iomlán le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, agus níor tháinig athrú suntasach i gceist tar éis an atheagraithe. Chomh maith leis sin, níor tháinig aon mhéadú ar allmhairí ón tSín le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin roimh an atheagrú ná ina dhiaidh.

(22) Le linn an imscrúdaithe frith-theacht timpeall, bhí Youngwire ar cheann de na táirgeoirí a raibh gaol aige le táirgeoir onnmhairiúcháin ón tSín a bhí faoi réir na mbeart bunaidh. Ní raibh aon fhianaise ann, áfach, gur bunaíodh ná gur úsáideadh gaol den sórt sin chun teacht timpeall ar na bearta atá i bhfeidhm maidir le hallmhairí de thionscnamh na Síne agus, dá bhrí sin, deonaíodh an díolúine. Fuarthas amach san imscrúdú reatha nár athraigh an staid sin tar éis atheagrú Youngwire.

(23) Léirigh an t-imscrúdú freisin gur cheannaigh Youngwire cuid den táirge faoi athbhreithniú óna chuideachta ghaolmhar sa tSín. Mar sin féin, an táirge faoi athbhreithniú a ceannaíodh óna chuideachta ghaolmhar sa tSín roimh an atheagrú agus athrú an ainm agus ina ndiaidh, ní dhearnadh é a athdhíol ach ar an margadh intíre i bPoblacht na Cóiré agus i margaí onnmhairiúcháin eile, agus níor onnmhairíodh chuig an Aontas é. Ina theannta sin, níor tháinig méadú ar na méideanna a ceannaíodh óna chuideachta ghaolmhar tar éis an atheagraithe. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon fhianaise ann gur tháinig aon athrú ar an bpatrún trádála, de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán, a raibh baint ag an gcuideachta leis, tar éis atheagrú Youngwire ná le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

### 3.2. Athlastáil SRC arna tháirgeadh sa tSín tríd an gcuideachta ghaolmhar i bPoblacht na Cóiré

(24) De bhreis air sin, na cleachtais, na próisis agus na cineálacha oibre dá dtagraítear in Airteagal 13(1), an tríú fomhír, den bhun-Rialachán, rudaí a thugann le fios go bhfuil teacht isteach ar bun, rinne an Coimisiún scrúdú féachaint an raibh aon cheann díobh sin ann. I ndáil leis sin, rinne an Coimisiún an méid seo a leanas mheasúnú ar dtús — cé acu a bhí nó nach raibh táirgeadh iarbhír leordhóthanach de théada agus cáblaí cruach ar bun ag an gcuideachta, táirgeadh a bhí ag comhfhreagairt do na díolacháin onnmhairí chuig an Aontas. Chinn an Coimisiún gurb amhlaidh a bhí táirgeadh leordhóthanach de théada agus cáblaí cruach ar bun ag an gcuideachta, táirgeadh a bhí ag comhfhreagairt do na díolacháin onnmhairí chuig an Aontas.

(25) Tar éis an mhéid sin, mar a luaitear in aithris (21), cheannaigh an chuideachta cuid den táirge faoi athbhreithniú óna cuideachta ghaolmhar sa tSín. Scrúdaigh an Coimisiún na nósanna imeachta agus na rialuithe lena ndéantar an méid seo a leanas a chosc — táirgí Síneacha a dhíol amhail agus dá mba tháirgí Cóiréacha iad, agus teacht timpeall ar na dleachtanna ar an gcaoi sin. Dá bhrí sin, córais TF Youngwire a úsáidtear chun na táirgí féintáirgthe a rianú tríd an bpróiseas táirgthe agus trí dhíolacháin, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na córais sin, agus rinne sé seiceáil shubstainteach ar an bhfianaise dhoiciméadach chun a áirithiú nach dtairbhíonn den díolúine ó na bearta frith-theacht timpeall ach táirgí a onnmhairítear chuig an Aontas agus a tháirgeann an chuideachta. Cuid dá raibh i gceist leis sin ab ea tástáil shubstainteach a dhéanamh ar na hidirbhearta a bhí ann le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin ar fad.

(26) Na táirgí a thairbhigh den díolúine ón mbeart frith-theacht timpeall, léirigh an t-imscrúdú gur áirithíodh le córas rianaithe na cuideachta gur tháirgí iad sin a tháirg Youngwire ina shaoráidí táirgthe féin i bPoblacht na Cóiré.

(27) Ar an mbonn sin, na táirgí faoi athbhreithniú arna n-onnmhairiú chuig margadh an Aontais, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhféadfaí iad a rianú go haonchiallach agus nár athlastáil an chuideachta táirgí arna dtáirgeadh sa tSín chuig margadh an Aontais le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

### 3.3. **Oibríochtaí cóimeála**

(28) Rinne an Coimisiún an méid seo a leanas a mheasúnú freisin — an raibh aon rud ann a thug le fios go rabhthas ag teacht timpeall ar na bearta frithdhumpála a bhí i bhfeidhm trí bhíthin oibríochtaí cóimeála de bhun Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán.

(29) De réir Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán, measfar go bhfuil oibríocht chóimeála ag teacht timpeall ar na bearta atá i bhfeidhm sna cásanna a leanas:

(a) cuireadh tús leis an oibríocht, nó tháinig méadú mór uirthi, ón tráth a cuireadh tús leis an imscrúdú frithdhumpála, nó díreach roimhe, agus is ón tír atá faoi réir na mbeart na páirteanna ábhartha; agus

(b) 60 % nó níos mó de luach iomlán pháirteanna an táirge agus é cóimeáilte, is é luach na bpáirteanna é, ach ní mheasfar in aon chás go bhfuil teacht timpeall ar bun más mó ná 25 % den chostas monaraithe an luach atá curtha leis na páirteanna a tugadh isteach le linn na hoibríochta cóimeála nó críochnaithe; agus

(c) tá an bonn á bhaint d’éifeachtaí ceartaitheacha na dleachta i dtéarmaí praghsanna agus/nó cainníochtaí an táirge chomhchosúil agus é cóimeáilte agus tá fianaise dumpála ann maidir leis na gnáthluachanna a cinneadh roimhe sin don táirge comhchosúil nó do tháirgí cosúla.

(30) Rinne an Coimisiún faisnéis mhionsonraithe maidir le foinsiú amhábhar, próisis táirgthe agus cuntasaíocht chostála Youngwire a bhailiú agus a fhíorú. Luach na n-amhábhar a allmhairíodh agus a úsáideadh sa phróiseas táirgthe, léirigh an t-imscrúdú nár sháraigh an luach sin an tairseach 60 % de luach iomlán pháirteanna an táirge agus é cóimeáilte, tairseach a shainítear in Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán. Dheimhnigh an Coimisiún freisin gur sháraigh an breisluach a cuireadh leis na páirteanna a tógadh isteach, gur sháraigh sé an tairseach 25 % a shainítear in Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán.

(31) Ar an mbonn sin, thángthas ar an gconclúid san imscrúdú nach raibh aon oibríochtaí cóimeála ar bun a measfaí de bhun Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán gur ag teacht timpeall ar na bearta a bheidís. I bhfianaise na dtorthaí sin, níor ghá measúnú a dhéanamh ar na critéir a bhí fágtha in Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán.

## 4. **CONCLÚID AGUS NOCHTADH**

(32) De réir an mhéid thuas, níor shuigh an t-imscrúdú go raibh aon chleachtais teacht timpeall ar bun a raibh baint ag Youngwire leo. Dá thoradh sin, déanfar an páirt-athbhreithniú eatramhach a fhoirceannadh gan an díolúine ó na dleachtanna leathnaithe a deonaíodh do Youngwire a tharraingt siar.

(33) Shuigh an Coimisiún freisin go ndearnadh athrú an ainm a chlárú mar ba cheart leis na húdaráis ábhartha i bPoblacht na Cóiré. I bhfianaise thorthaí an pháirt-athbhreithnithe eatramhaigh sin, athrú an ainm agus an t-athrú gaolmhar ar an eagraíocht, ní rudaí iad as ar eascair aon chaidreamh nua le grúpaí nó cuideachtaí eile nach ndearna an Coimisiún imscrúdú orthu, ná a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do chearta an onnmhaireora tairbhiú den díolúine ó na bearta frith-theacht timpeall a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 400/2010 agus a dhearbhaítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/607.

(34) Dá réir sin, ní dhéanann athrú an ainm difear do thorthaí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 400/2010, agus don díolúine ón ráta dleachta frithdhumpála a deonaíodh don chuideachta go háirithe.

(35) Ba cheart éifeacht a bheith ag gabháil le hathrú an ainm ón dáta a chuir an chuideachta in iúl don Choimisiún go raibh a hainm athraithe aici, dáta a chuirtear in iúl in aithris (7) thuas.

(36) I bhfianaise a bhfuil sna haithrisí thuas, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/607 a leasú chun ainm nua na cuideachta a léiriú, ainm ar sannadh cód breise TARIC C969 dó roimhe seo.

(37) Cuireadh na páirtithe leasmhara ar an eolas dá réir agus tugadh deis dóibh barúil a thabhairt.

(38) Ní bhfuair an Coimisiún barúlacha ach ó Youngwire. D'aontaigh an chuideachta le torthaí agus conclúidí an Choimisiúin. Mar sin féin, chuir sí in iúl go raibh an táirge lena mbaineann á onnmhairiú chuig an Aontas aici faoin ainm Young Heung Iron toisc na nósanna imeachta fada, i.e. tréimhse an athbhreithnithe eatramhaigh sin, agus toisc na moille a bhí ar thionscnamh an athbhreithnithe freisin. I bhfianaise an mhéid sin, d'iarr an chuideachta nach gcuirfí athrú an ainm san áireamh ach ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin reatha, sin nó go sannfadh an Coimisiún an cód breise A969 do Youngwire ón 6 Bealtaine 2020 agus do Young Heung Iron & Steel Co., Ltd le haghaidh na tréimhse ón 6 Bealtaine 2020 go dtí teacht i bhfeidhm an Rialacháin reatha. De réir na cuideachta, bheadh an réiteach sin ag teacht leis an toradh ar ar thángthas san imscrúdú go mbaineann an dá ainm leis an gcuideachta chéanna.

(39) I ndáil leis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurb iad an chuideachta chéanna iad Young Heung Iron & Steel Co., Ltd agus Youngwire chun críche na dleachta frithdhumpála. Ós rud é go bhfuil an chuideachta fós i dteideal na díolúine ó dhleacht, faoi cheachtar den dá ainm, éifeachtaí an Rialacháin seo i dtaobh athrú ainm na cuideachta, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí nach dtiocfaidís i gceist ach ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(40) Tá an Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Airteagal 1(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/607 mar a leanas:

| | |
|---|---|
| "Young Heung Iron & Steel Co., Ltd, 71-1 Sin-Chon Dong, Changwon City, Gyungnam | A969" |

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad

| | |
|---|---|
| "YOUNGWIRE, 71-1 Sin-Chon Dong, Changwon City, Gyungnam | A969" |

Cód breise TARIC A969 a sannadh roimhe seo do Young Heung Iron & Steel Co., Ltd, is le YOUNGWIRE a bhainfidh sé ó dháta teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo ar aghaidh.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN